



Oiliúint d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG): Oiliúint do Mhúinteoirí a Roghnaíodh chun dul isteach i FTG atá ann cheana ina Scoil

Cé mhéad lá oiliúna a chuirfear ar fáil?

Cuireann an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead oiliúint trí lá ar fáil do bhaill na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG). Éascaítear an oiliúint seo roinnt uaireanta i rith na scoilbhliana. Beidh an oiliúint ar siúl i mbloc dhá lá, agus an tríú lá roinnt seachtainí ina dhiaidh sin. Críochnaítear an oiliúint laistigh de thréimhse dhá mhí de ghnáth.

Cé mhéad ball nua a d'fhéadfadh freastal ar oiliúint ó scoil ina bhfuil FTG cheana féin?

Cuirfidh an Roinn Oideachais (RO) clúdach ionadaíochta ar fáil (de réir threoirlínte RO) chun oiliúint a chur ar thriúr ball FTG in aghaidh na scoile thar thréimhse trí bliana. Iarrtar ar bhaill FTG oilte gealltanais a thabhairt go n-oibreoidh siad mar chuid de FTG na scoile ar feadh trí bliana ar a laghad.

An gcuirtear ionadaí ar fáil?

Cuirtear. Cuirtear clúdach ionadaíochta ar fáil do mhúinteoirí agus do phríomhoidí teagaisc de réir threoirlínte an RO.

Conas a chláróidh mé d'oiliúint?

Ní mór do mhúinteoirí a bheith ainmnithe ag a bpríomhoide chun freastal ar oiliúint FTG. Ba cheart do bhaill FTG a bheith cláraithe go hiomlán leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go hidéalach, taithí teagaisc 5 bliana ar a laghad a bheith acu.

Ba cheart do scoil teagmháil a dhéanamh leis an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead más mian leo aon bhall breise FTG a oiliúint. Cuirfidh an Rannán Ionduchtúcháin Oide Droichead sonraí na hoiliúna ar aghaidh chuig an scoil.

Conas a thacóidh oiliúint liom i mo ról mar bhall FTG?

Is é ról an FTG ná treoir agus comhairle a thabhairt don MNC le linn ionductúcháin scoilbhunaithe sna chéad chéimeanna dá dturas gairmiúil agus le comhdhearbhú a dhéanamh leis an MNC gur ghlac siad páirt i bpróiseas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán.

Tacóidh oiliúint le baill nua FTG ina ról trí chur ar chumas rannpháirtithe

- caidrimh ghairmiúla a chothú
- meantóireacht agus tacaíocht a thabhairt do MNCanna, agus do chomhghníomhaíochtaí a bhfuil taithí acu, agus a thabhairt orthu tabhairt faoi idirphlé gairmiúil machnamhach
- breathnuithe sa seomra ranga a dhéanamh agus a eagrú chun feabhas a chur ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim
- monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas gairmiúil
- spriocanna agus pleananna gníomhaíochta a shocrú
- comhairle a chur ar MNCanna maidir le hullmhú le haghaidh teagaisc agus foghlama agus maidir le cleachtais bhainistíochta éifeachtacha sa seomra ranga
- machnamh a dhéanamh ar a ngairmiúlacht féin agus ar a bhfís ghairmiúil féin
- a dtiomantas d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach a dhaingniú
- le héirí ina gceannairí foghlama agus feabhsúcháin ag leibhéal na scoile

Cén uair is féidir liom tosú ag feidhmiú mar bhall de FTG reatha mo scoile?

Is féidir leat tosú ag obair mar bhall FTG nuair a bheidh tú críochnaithe Lá 2 d'oiliúint FTG. Tabhair faoi deara, chun Foirm D a shíniú, nach mór do bhall FTG na trí lá d'oiliúint FTG ar fad a bheith críochnaithe acu.

Cén t-ullmhúchán ba cheart do scoil a dhéanamh sula dtosaíonn oiliúint FTG?

Agus tú ag fanacht le hoiliúint FTG, ba cheart duit labhairt le do phríomhoide agus le comhghleacaithe eile atá ag obair mar chuid de FTG na scoile cheana

féin. Tabharfaidh a dtaithe ar an bpróiseas Droichead a thairiscint do MNC léargas úsáideach duit ar ról ball FTG.

